

II

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA nach bhfuil a bhfoilsíú éigeantach)

CINNÍ

COMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Nollaig 2007

Iena leasaítear an Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais

(2008/79/CEE, Euratom)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 245 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 160 de,

Ag féachaint don iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Iúil 2007,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún an 20 Samhain 2007,

Ag féachaint don Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Samhain 2007,

De bharr an méid seo a leanas:

Ba chóir foráil a dhéanamh lena gceadófaí maoluithe ar fhorálacha áirithe den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais maidir leis an nós imeachta lena rialaítear tarchuir phráinne chun réamhrialú a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus is cuí, ar mhaithe leis an dea-ord, go dtagrófaí freisin san fhoráil lena n-údaraítear na maoluithe sin do na nósanna imeachta brostaithe a leagtar síos i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leasaítear mar a leanas an Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais:

Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 23:

'Airteagal 23a

Féadfar a fhoráil leis na Rialacha Nós Imeachta do nós imeachta brostaithe agus, i gcás tarchur chun réamhrialú a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, do nós imeachta práinne.

Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta sin, maidir le ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh, do thréimhse is giorra ná an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 23, agus, de mhaolú ar an gceathrú mír d'Airteagal 20, féadfar a fhoráil leo go gcinnefar an cas gan aighneacht ón Abhcóide Ginearálta.

Chomh maith leis sin, féadfar a fhoráil leis an nós imeachta práinne do shrianadh a dhéanamh ar na páirtithe agus ar na daoine leasmhara eile a luaitear in Airteagal 23, a n-údaraítear dóibh ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh agus, i gcásanna deargphráinne, féadfar a fhoráil go bhfágfaí céim scríbhinne an nós imeachta ar lár.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 20 Nollaig 2007.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. RUPEL